

	Lucha (as <i>Tuairim</i> /le Honor Mhic Giolla Claoín)	
1.	Nuair a tharlaíonn sé duitse, déanann tú iarracht é a choinneáil faoi rún, mar bíonn náire ort.	
2.	Ansín, de réir a chéile, tuigeann tú nach tusa an t-aon duine amháin atá sa chás céanna.	
3.	Ní raibh lucha sa teach againn riamh go dtí go bhfuairamar madra.	
4.	Cheap mé go gcosnódh an madra sinn ar a leithéid – ach a mhalairt ar fad a tharla.	
5.	Ceapaimid anois gur lig an madra isteach na lucha, gur chuir sé fáilte rompu agus gur thaispeáin sé na háiteanna is teolaí sa teach dóibh.	
6.	Nuair a thugamar faoi deara go raibh lucha againn, bhí deacrachtaí againn.	
7.	Ní aontaíonn fear an tí le haon saghas cruálachta.	
8.	Ní hé go bhfuil bean an tí i bhfábhar cruálachta, ach nuair is crua don chailleach...	
9.	Ar aon nós, cheap an fear maith gur leor boladh cait sa teach lena ruaigeadh.	
10.	Ba é an t-aon fhadhb amháin leis sin ná nach raibh cat againn.	
11.	Bhí orainn cat a fháil ar iasacht.	
12.	Tharla go raibh cat ag an bhfeighlí páistí.	

	Lucha (as <i>Tuairim</i> /le Honor Mhic Giolla Claoín)	Mice (from <i>Opinions</i> by Honor Mhic Giolla Claoín)
	a. an luch / na lucha	the mouse / the mice
	b. an tuairim / na tuairimí	the opinion / the opinions
1.	Nuair a tharlaíonn sé duitse, déanann tú iarracht é a choinneáil faoi rún, mar bíonn náire ort.	When it happens to you, you try to keep it a secret, because you're embarrassed.
	a. Cad a tharla?	What happened?
	b. Tarlaíonn sé go bhfuil sé anseo anois.	It happens that he is here now.
	c. Rinne mé iarracht.	I tried.
	d. Déanann sé iarracht gach lá.	He tries every day.
	e. Coinnigh faoi rún é.	Keep it a secret.
	f. Bhí náire orm.	I was ashamed.
2.	Ansin, de réir a chéile, tuigeann tú nach tusa an t-aon duine amháin atá sa chás céanna.	Then, by and by, you understand that you're not the only person in the same situation.
	a. de réir a chéile	little by little
	b. An dtuigeann tú?	Do you understand?
	c. Ní thuigim.	I don't understand.
	d. an duine céanna	the same person
	e. an duine ceannann céanna	the same person
3.	Ní raibh lucha sa teach againn riamh go dtí go bhfuaireamar madra.	We didn't ever have mice in our house until we got a dog.
	a. Tá lucha againn.	We have mice.
	b. Tá lucha sa teach.	There are mice in the house.
	c. Tá lucha sa teach againn.	We have mice in the house.
	d. Fuair muid madra.	We got a dog.
	e. Fuaireamar madra.	We got a dog.
4.	Cheap mé go gcosnódh an madra sinn ar a leithéid – ach a mhalairt ar fad a tharla.	I thought the dog would protect us from such things – but it was altogether the opposite that happened.
	a. a leithéid	such
	b. a leithéid de rud	such a thing
	c. an mhalairt	the opposite
	d. a mhalairt	the opposite of it

	Lucha (as <i>Tuairim</i> /le Honor Mhic Giolla Claoín)	Mice (from <i>Opinions</i> by Honor Mhic Giolla Claoín)
5.	Ceapaimid anois gur lig an madra isteach na lucha, gur chuir sé fáilte rompu agus gur thaispeáin sé na háiteanna is teolaí sa teach dóibh.	We now think that the dog let the mice in, welcomed them and showed the warmest places in the house to them.
	a. cheap / cheapamar	thought / we thought
	b. ceapann / ceapaim / ceapaimid	thinks / I think / we think
	c. Tá fáilte romhat.	Welcome.
	d. Taispeáin dom é.	Show it to me.
	e. Thaispeáin sé dom é.	He showed it to me.
	f. an áit / na háiteanna	the place / the places
	g. duine maith / an duine is fearr	a good person / the best person
	h. crann ard / an crann is airde	a tall tree / the tallest tree
6.	Nuair a thugamar faoi deara go raibh lucha againn, bhí deacrachtaí againn.	When we noticed that we had mice, we had difficulties.
	a. Ar thug tú faoi deara é?	Did you notice him?
	b. Níor thug sé faoi deara mé.	He didn't notice me.
7.	Ní aontaíonn fear an tí le haon saghas cruálachta.	The man of the house doesn't agree with any kind of cruelty.
	a. D'aontaigh sé liom.	He agreed with me.
	b. Níor aontaigh sé liom.	He didn't agree with me.
	c. Aontaíonn sé liom.	He agrees with me.
	d. Ní aontaíonn sé liom.	He doesn't agree with me.
	e. Na Stáit Aontaithe Mheiriceá (S.A.M.)	The United States of America (USA)
	f. cruálacht / cruálachta	cruelty / of cruelty
	g. an teach / an tí	the house / of the house
8.	Ní hé go bhfuil bean an tí i bhfábhar cruálachta, ach nuair is crua don chailleach...	It's not that the woman of the house is in favor of cruelty, but when it's hard for the witch ...
	a. Ní hé go bhfuil sé tinn, ach ...	It's not that he's ill, but ...
	b. Ní hé nach bhfuil sé ag teacht, ach ...	It's not that he isn't coming, but ...
	c. Ní hé gur ith mé é, ach ...	It's not that I ate it, but ...
	d. Ní hé nár chuala mé thú, ach ...	It's not that I didn't hear you, but ...

	Lucha (as <i>Tuairim</i> /le Honor Mhic Giolla Claoin)	Mice (from <i>Opinions</i> by Honor Mhic Giolla Claoin)
9.	Ar aon nós, cheap an fear maith gur leor boladh cait sa teach lena ruaigeadh.	Anyways, the good man thought that the smell of a cat in the house would be enough to drive them off.
	a. ar aon nós	anyways
10.	Ba é an t-aon fhadhb amháin leis sin ná nach raibh cat againn.	The one problem with that was that we didn't have a cat.
11.	Bhí orainn cat a fháil ar iasacht.	We had to get a cat on loan.
	a. ar iasacht	on loan
	b. Thug sé ar iasacht dom é.	He gave it to me on loan.
	c. Thug sé iasacht dom.	He gave me a loan.
12.	Tharla go raibh cat ag an bhfeighlí páistí.	It happened that the babysitter had a cat.

Ceisteanna	Questions
Q1. Cad a tháinig isteach sa teach?	What came into the house?
Q2. An raibh bean an tí sásta iad a fheiceáil?	Was the woman of the house happy to see them?
Q3. Dar léi, cad ba chúis le teacht na luch?	According to her, what was the reason for the coming of the mice?
Q4. Ar chuir an madra ruaig ar na luch?	Did the dog chase off the mice?
Q5. Cad a bhfuair siad ansin chun ruaig a chur an na luch?	What did they get then to chase the mice away?